



Coláiste Aonad Bainistíochta	Oifig an Leas-Uachtaráin um Straitéis agus Teagmháil Sheachtrach
Scoil Aonad	Caidreamh Ollscoile - Cumarsáid Sheachtrach
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair (más ábhartha)	Bainisteoir um Fheachtais Chumarsáide agus Tionscadail
Tréimhse an Phoist	Conradh sealadach 5 bliana ar théarma seasta
Grád	Oifigeach Sinsearach Riaracháin IV
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Cumarsáid agus Margaíocht – Leibhéal Gairme 6
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2024-09-34
Bainisteoir Líne	Ceannasaí um Chumarsáid Sheachtrach
Uimhir Thagartha an Chomórtais	017795
Riarthóir Acmhainní Daonna	Qiong Zhang

Achoimre ar an bPost:

Tá an tAonad um Chumarsáid Sheachtrach laistigh den Chaidreamh Ollscoile i gceannas ar chumarsáid straitéiseach agus chriticiúil chun an ollscoil agus a misean a chur chun cinn agus a chosaint. Cuireann sé tacaíocht ghairmiúil chumarsáide ar fáil don uachtarán, d'fhoireann bainistíochta na hollscoile, don fhoireann teagasc agus do cheannairí sinsearacha eile an champais. Déanann sainfhoireann an Aonaid cumarsáid straitéiseach, trí na bealaí is éifeachtaí agus na formáidí agus na stíleanna a bhfuil an tionchar is mó acu, chun eolas a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha, chun teagmháil a dhéanamh leo agus chun iad a spreagadh chun tacú leis an ollscoil agus lena spriocanna straitéiseacha.

Áirítear lena chuid oibre caidreamh leis na meáin, scríbhneoireacht nuachta, scríbhneoireacht óráidí, eagarfhocal tuairimíochta, deiseanna saincheannaireachta, ábhar digiteach agus sóisialta, comhairle cumarsáide agus oiliúint agus for-rochtain ar gach príomhlucht spéise seachtrach.

Oibríonn sé ar fud na n-aonad campais chun straitéisí cumarsáide comhordaithe a chruthú agus chun feachtais chumarsáide uile-ollscoile a fhorbairt chun teacht ar lucht spéise seachtrach chun misean institiúideach na hollscoile a chur chun cinn agus chun béim a chur ar a sármhaitheas sa teagasc, sa taighde agus san eispéireas scoláirí.

Oibríonn sé freisin le Coláistí, Scoileanna agus Aonaid chun cumarsáid a éascú ar shaincheisteanna casta lena n-áirítear bainistíocht géarchéime agus tá sé i gceannas ar an bhfreagairt chumarsáide ar chásanna géarchéime agus éigeandála.

Is ról sinsearach bainistíochta é seo a bhfuil sé mar fhreagracht leis, feachtais agus tionscadail an-spéisiúil a chruthú, a dhíríonn aird páirtithe leasmhara agus a spreagann a gcuid suime agus a gcuid tacaíochta maidir le príomh-misean na hollscoile. Déanfar cumarsáid éifeachtach mar chuid de na feachtais agus na tionscadail, ar an tionchar domhain agus fairsing a imríonn an ollscoil ar shaol daoine, ar ár sochaí agus ar an domhan mór.

Rachaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leo i gcomhar leis an bpobal ar fud na hollscoile chun feachtais a dhéanann ceiliúradh ar éachtaí ár scoláirí agus céimithe, ar an gcaoi a gcuireann taighde agus saineolas ár ndámhche le domhan níos fearr a chruthú, agus ar conas a fheabhsaíonn nuálaíocht ár ndámhche saol daoine a aithint agus a fhorbairt. Beidh siad oile i bhfeachtais chumarsáide agus tionscadail a sheachadadh ar fud réimse meán, buiséid feachtais a bhainistiú agus ag déanamh maoirseachta ar fhoirne feidhmiúcháin éagsúla.

Rachaidh siad i gcomhpháirtíocht le Coláistí, Scoileanna agus Aonaid ar fud na hollscoile, agus iad ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann mheánmhéide gairmithe cumarsáide sa láraonad cumarsáide sheachtraigh, agus iad go léir ag obair chun cumarsáid ar fud na hollscoile a ailíniú.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Pleananna tionscadail a dhearadh, a chomhaontú agus a sheachadadh le haghaidh feachtas agus tionscadal cumarsáide (agus aon tionscnamh Ollscoile eile mar atá leagtha amach ag Ceann na Cumarsáide Seachtraí) a léiríonn go héifeachtach gníomhartha rathúla na hOllscoile agus príomhghníomhaíochtaí i dtreo a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach mar atá leagtha amach ina Plean Straitéiseach, do phríomhpháirtithe leasmhara.
- Feachtais agus tionscadail chumarsáide ardleibhéil ardtionchair nua agus chruthaitheacha a phleanáil, a chomhordú agus a sheachadadh go gníomhach ar fud na meán agus ar fud na mbealaí éagsúla chun cáil na hOllscoile a fheabhsú go hintomhaiste i measc príomhpháirtithe leasmhara.
- Feachtais agus tionscadail chumarsáide ardphróifíle a bhainistiú agus a sheachadadh don Ollscoil agus tosaíochtaí, príomhpháirtithe leasmhara, cainéil, scálaí ama agus acmhainní a chur san áireamh ag an am céanna.
- Athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar gach feachtas agus tionscadal cumarsáide, agus ar idirghníomhaíochtaí spriocdhírthe le príomhpháirtithe leasmhara, chun feabhas a chur ar an tuiscint fhianaisebhunaithe ar theachtaireachtaí éifeachtacha agus ar bhealaí cumarsáide éifeachtacha.
- Bainistiú stuama a dhéanamh ar an mbuiséad d'fheachtais agus tionscadail chumarsáide agus chun leithdháileadh éifeachtach buiséid a chinntiú agus toradh ar infheistíocht a fheabhsú i gcónaí.
- Comhtháthú éifeachtach a chinntiú idir an fheidhm chumarsáide agus mhargaíochta san aonad trí idirchaidreamh a dhéanamh le Bainisteoirí Margaíochta na hollscoile láir.
- Líonrú agus comhoibriú a dhéanamh le Bainisteoirí Cumarsáide agus Margaíochta ar fud na gColáistí, na Scoileanna agus na nAonad go léir, chun a chinntiú go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí ag teacht le cuspóirí cumarsáide straitéisí na heagraíochta.
- Idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le Bainisteoirí Cumarsáide agus Margaíochta ar fud na gColáistí, na Scoileanna agus na nAonad chun cabhrú le seachadadh gairmiúil tionscadal agus feachtas cumarsáide.
- Comhsheasmhacht agus cáilíocht a chinntiú agus feachtais agus tionscadail chumarsáide ar fud na hOllscoile á gcur i láthair.
- Líonra na mBainisteoirí Cumarsáide agus Margaíochta a bhainistiú ar fud na hOllscoile chun comhoibriú agus soiléireacht éifeachtach comhchuspóra a chinntiú.
- Cabhrú leis an gCeann Cumarsáide Seachtraí sceideal cruinnithe foirne seachtainiúil a phleanáil agus a bhainistiú don Aonad ar fad, chun a chinntiú go bhfuil gach ball foirne ag obair i dtreo gníomhartha agus spriocanna coiteanna, soiléire agus dea-shainithe.
- Cabhrú le Ceann na Cumarsáide Seachtraí le reáchtáil lóistíochtúil an Aonaid ó lá go lá agus cur le cultúr de bharr feabhais agus meas ardfheidhmíochta a chruthú.
- Cabhrú le Ceann na Cumarsáide Seachtraí le bainistíocht an sceidil tinrimh foirne laistigh de shamhail oibre hibrideach chun feidhmiú éifeachtach an aonaid a chinntiú.
- Clár intéirneachta a cheapadh, a rolladh amach agus a bhainistiú (dhá intéirneacht fhada, rollta, sé mhí) do ghairmithe luathghairme laistigh de réimse na bhFeachtas agus na dTionscadal Cumarsáide.

Sainiúil don phost áirithe seo:

- Ceanglas oibriú lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige chun na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

95 Snr Riaracháin Iv_2013 (2010) (7078) Scála Tuarastail : €67,984 - €107,940 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínite na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creatlach Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post na Cumarsáide agus na Margaíochta agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 6. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat um Chnuasaigh Post ar fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- Taithí ghairmiúil 7-10 mbliana ag feidhmiú i ról a bhaineann le cumarsáid agus margaíocht i bhfeachtais agus i dtionscadail chumarsáide, le taithí 5-7 mbliana ar a laghad ar leibhéal meánbhainistíochta in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus céim tríú leibhéal sa chumarsáid, i ngnóthaí poiblí, i margaíocht nó i ndisciplín gaolmhar.
- Taithí chruthaithe ar fheachtais agus tionscadail chumarsáide ardtionchair a sheachadadh d'eagraíocht mhór chasta.
- Scileanna eagrúcháin as an ngnáth, agus súil ghrinn, a bheith in ann rudaí a chur in ord tosaíochta go stuama agus tascanna agus spriocdhátaí iomadúla a bhainistiú go rialta i dtimpeallacht ardfeidhmíochta.
- Taithí mar chumarsáidí den scoth, idir scríofa agus labhartha.
- Sárscileanna idirphearsanta, agus an cumas cumarsáid rathúil a dhéanamh thar raon leathan páirtithe leasmhara/comhpháirtithe/ball foirne ón saol acadúil agus ón tionscal araon.
- An cumas móiminteam dearfach a chruthú agus tuiscint ar rannchuidiú cothrom i dtreo tionscadail ardleibhéil a chruthú agus a sheachadadh ar fud eagraíochta móire.
- Taithí chruthaithe ar bhainistiú feachtais cumarsáide agus buiséid tionscadail agus foirne grúpa tionscadail.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Cumarsáid:** Eolas gairmiúil ardleibhéil ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais chumarsáide agus taithí orthu chun spriocluacht féachana a aithint agus a bhaint amach trí mheáin scríofa, bhriathartha agus amhairc ar fud bealaí atá faoi úinéireacht phríomha.
- **Caidreamh Seachtrach agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara:** Eolas gairmiúil ardleibhéil ar chaidreamh seachtrach, gnóthaí poiblí agus coincheapa, prionsabail agus cleachtais rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus taithí orthu.
- **Margaíocht:** Eolas gairmiúil agus taithí ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais mhargaíochta chun dul i gcion ar spriocluacht spéise agus tionchar a imirt orthu.
- **Eolais faoin Táirge:** Tuiscint ar an Ollscoil agus/nó taighde agus nuálaíocht, scoláireacht agus tionchar na dáimhe

Príomhinniúlachtaí

- **Ag Obair go Straitéiseach:** Eolas gairmiúil ardleibhéil agus cumas chun fíis a fhorbairt don Scoil/Aonad/Coláiste/Ollscoil, an fhís seo a aistriú go gníomh agus fíis UCD a chur in iúl ar bhealaí a fhaigheann tacaíocht ó dhaoine eile.
- **Bainistíocht Tionscadail:** Eolas gairmiúil ardleibhéil ar, agus an cumas chun, spriocanna, cuspóir agus critéir ratha tionscadal nó clár a shainiú go soiléir ag an tús, chun róil agus freagrachtaí gaolmhara, táirgí insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú, agus chun plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina choinne.

- **Pleanáil agus Eagrú:** Eolas gairmiúil ardleibhéil ar, agus an cumas chun, a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach, tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus a chinntiú go gcomhlíontar spriocdhátaí chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a scaradh agus a chur le chéile chun aschuir a sheachadadh de réir fráma ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.
- **Caidrimh a Fhorbairt:** Muiníneach as caidrimh a fhorbairt agus oibriú in éineacht le comhghleacaithe éagsúla ag gach leibhéal ar fud eagraíochta móire. Eolas gairmiúil ardleibhéil agus an cumas caidrimh oibre éifeachtacha a thógáil laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne, chun comhar agus comhoibriú a spreagadh i dtíortha eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú:** Taithí a fháil ar pháirtithe leasmhara a bhainistiú agus cultúr foirne ardfheidhmíochta measúil a chruthú. Eolas gairmiúil ardleibhéil agus an cumas chun tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, freagairt do riachtanais na bpáirtithe leasmhara, ionchais a bhainistiú agus caidrimh láidre oibre a fhorbairt agus a chothabháil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- **Feasacht Eagraíochta:** An cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.
- **Athrú a Bhainistiú:** An cumas tabhairt faoi chur chuige dearfach maidir le dul i ngleic leis an obair agus an cumas glacadh le hathrú agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go cuiditheach.
- **Daoine a Bhainistiú:** Cumas an obair cheart a ailíniú leis na daoine cearta, tascanna a tharmligean de réir láidreachtaí agus leasanna daoine agus a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine chun rudaí a chur i gcrích.
- **Daoine a Threorú:** Cumas dea-thionchar a bheith agat ar dhaoine eile, foirne éifeachtacha a ailíniú agus a thógáil taobh istigh den Scoil/Aonad/Coláiste agus ar fud UCD araon agus a bheith ag obair go héifeachtach le lucht ardbhainistíochta agus le pobail acadúla agus gnó na hOllscoile.

Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe UCD

- Ní mór d'iaratasóirí a léiriú conas a chuirfidh siad go dearfach le timpeallacht ionchuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chothú.

Inmhianaithe:

- Taithí ar bheith ag feidhmiú in earnálacha éagsúla
- Taithí ar bheith ag feidhmiú in eagraíocht idirnáisiúnta
- Cumasach i ndara teanga

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	https://www.ucd.ie/universityrelations/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Mr Dominic Martella
Teideal:	Ceann na Cumarsáide Seachtraí
Seoladh ríomhphoist:	dominic.martella@ucd.ie